

# Aguisín 1

**Plean Ceantair Áitiúil Ghuaire**

**agus an Limistéir Máguaird 2017 - 2023**

**Sceideal maidir le Cur i bhFeidhm agus  
Soláthar Bonneagair**

Aibreán 2017

## **Réamhrá**

Admhaíonn an Chomhairle gurb é atá i gceann amháin de na nithe is tábhachtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm rathúil Plean Ceantair Áitiúil ná an maoiniúchán riachtanach agus na comhpháirtíochtaí riachtanacha a aimsiú chun na príomhchuspóirí a bhíonn ann i bplean den chineál seo a bhaint amach a mhéid a bhaineann leis na cuspóirí i dtaca le bonneagar agus seirbhísí. Ullmhaíodh an Sceideal seo maidir le cur i bhfeidhm agus bonneagar a sholáthar d'fhonn cabhair a thabhairt i ndáil le baint amach na bpríomhchuspóirí atá ann sa Phlean Ceantair Áitiúil a bhaineann le bonneagar agus seirbhísí.

Is é atá i saolré an Phlean Ceantair Áitiúil ná sé bliana (2017 - 2023). Tá cur i bhfeidhm an sceidil roinnte sna trí chéim seo a leanas:

Gearrthéarma - Bliain 1 agus Bliain 2

Meántéarma - Bliain 3 agus Bliain 4

Fadtéarma - Bliain 5+

Is doiciméad beo é an sceideal seo. Athbhreithneofar é ag eatrainmh rialta chun measúnú a dhéanamh i dtaobh conas atá cur i bhfeidhm ag dul ar aghaidh, chun measúnú a dhéanamh maidir leis na hacmhainní atá ar fáil agus chun measúnú a dhéanamh de réir mar a thagann foinsí nua maoiniúcháin agus/nó soláthróirí nua maoiniúcháin chun cinn.

Ullmhaíodh an Sceideal seo ar bhonn na gCúig Chreatphlean Comharsanachta agus, freisin, ar an mbonn go mbeidh bonneagar cumasúcháin ann a fhónfaidh do limistéar iomlán an Phlean Ceantair Áitiúil.

<b>Creatphlean Chomharsanacht Lár an Bhaile-Na Príomhfhorbairtí</b>	<b>Céim</b>	<b>Foinsí Maoiniúcháin</b>
Iniúchadh a dhéanamh maidir le rochtain i leith Bhaile Ghuaire agus oibreacha a chur i bhfeidhm.	Gearrthearma	Foinsí maoiniúcháin dílse de chuid an údaráis áitiúil
Bealach nua coisithe a fhorbairt idir an tSráid Mhór, Sráid Eoin agus An Ascaill.	Meántearma	An t-údarás áitiúil i gcomhairle le húinéirí talún.
Rochtain nua do choisithe a fhorbairt ón Ascaill agus ó Shráid Mhic Curtáin chuig limistéir leathnaithe lár an bhaile.	Meántearma	Forbróirí i gceannas air i gcomhairle le Comhairle Contae Loch Garman.
Crann-línte nua/feabhsaithe a fhorbairt feadh na bpríomhshráideanna agus na mbóithre tuaithe agus feabhas a chur ar ról reatha na Sráide Móire agus na mbóithre tuaithe mar ghlasbhealaí.	Meántearma	Foinsí maoiniúcháin dílse de chuid an údaráis áitiúil, agus páirtmaoiniúchán ón Scéim Ranníocaí Forbartha agus ón gClár Oibreacha Caipitiúla. Maoiniúchán ó Thaisteal Níos Cliste.
Straitéis chomhtháite deartha uirbigh agus réimse phoiblí a ullmhú do lár stairiúil an bhaile, agus Teach an Mhargaidh agus Cearnóg an Mhargaidh san áireamh inti.	Gearrthearma	Foinsí maoiniúcháin dílse de chuid an údaráis áitiúil.

<b>Creatphlean Chomharsanacht na Craobhaí-Na Príomhforbairtí</b>	<b>Céim</b>	<b>Foinsí Maoiniúcháin</b>
'Ascaill na Craobhaí' a chríochnú agus a uasghrádú	Gearrthearma	Forbróirí i gceannas air.
Cosáin nua a sholáthar, mar aon le soilsíúchán agus naisc rothaíochta le tailte cónaitheacha neamhforbartha	Meántearma	Forbróirí i gceannas air.  Foinsí maoiniúcháin féideartha dílse de chuid an údaráis áitiúil, agus páirtmhaoiniúchán ón Scéim Ranníocaí Forbartha agus ón gClár Oibreacha Caipitiúla. Maoiniúchán ó Thaisteal Níos Cliste.
Páirc Bhaile Guaire a uasghrádú	Gearrthearma	Foinsí dílse de chuid an údaráis áitiúil.
'Páirc Fhoroise' a fhorbairt i bpáirc Bhaile Eoghain	Meántearma-Fadtearma	Foinsí dílse de chuid an Údaráis Áitiúil, páirtmhaoinithe trí Ranníocaí Forbartha i gcomhairle le Coillte.
Glasbhealaí nua a fhorbairt ag bóthair áitiúil Chill na hUagha, ag Bóthar Ráth an Chuillinn agus ag Bóthar an Dúin	Meántearmaí (de réir mar a fhorbraítear na tailte)	Forbróirí i gceannas air.  Foinsí maoiniúcháin féideartha dílse de chuid an údaráis áitiúil, agus páirtmhaoiniúchán ón Scéim Ranníocaí Forbartha agus ón gClár Oibreacha Caipitiúla. Maoiniúchán ó Thaisteal Níos Cliste.
Athshlánú shruth chraobh-abhainn na Craobhaí mar chonair bhonneagair ghlais.	Meántearma	Forbróirí i gceannas air i gcomhairle le Comhairle Contae Loch Garman agus le grúpaí eile sainleasa.
Páirc Chomharsanachta a sholáthar ar thailte neamhforbartha i gCill na hUagha.	Meántearma	Forbróirí i gceannas air nó maoiniúchán údaráis áitiúil a chur ar fáil ina leith trí ranníocaí airgeadais/tríd an scéim ranníocaí forbartha.
Spásanna nua pobail áitiúil a chur ar fáil sa Chraobhach Nua agus i mBaile Eoghain.	Meántearma	Forbróirí i gceannas air i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail áitiúla.

<b>Creathphlean Chomharsanacht Bhealach Thaidhgín-Na Príomhfhorbairtí</b>	<b>Céim</b>	<b>Foinsí Maoiniúcháin</b>
'Ascaill Bhealach Thaidhgín' a chur ar fáil.	Meántéarma go Fadtéarma	Forbróirí i gceannas air.
Cosáin nua a sholáthar, mar aon le soilsíúchán agus naisc rothaíochta le tailte cónaitheacha neamhfhorbartha.	Meántéarma go Fadtéarma	Forbróirí i gceannas air.  Foinsí maoiniúcháin féideartha dílse de chuid an údaráis áitiúil, agus páirtmhaoiniúchán ón Scéim Ranníocaí Forbartha agus ón gClár Oibreacha Caipitiúla. Maoiniúchán ó Thaisteal Níos Cliste.
Droichead nua iarnróid a sholáthar trína nasctar ceantair Bhealach Thaidhgín agus Chluain Aitinn le chéile.	Fadtéarma	Forbróirí i gceannas air i gcomhairle le hIarnród Éireann.
Glasbhealaí nua a fhorbairt feadh Bhóthar Bhealach Thaidhgín agus Bóthar Foraoise Bhaile Eoghain, lena n-áirítear saoráidí nua do choisithe agus don lucht rothaíochta.	Meántéarma	Forbróirí i gceannas air.  Foinsí maoiniúcháin féideartha dílse de chuid an údaráis áitiúil, agus páirtmhaoiniúchán ón Scéim Ranníocaí Forbartha agus ón gClár Oibreacha Caipitiúla. Maoiniúchán ó Thaisteal Níos Cliste.
Abhainn na Beannóige agus a craobh-aibhneacha a fhorbairt mar chonairí bonneagair ghlais.	Meántéarma	Forbróirí i gceannas air i gcomhairle le Comhairle Contae Loch Garman agus le grúpaí sainleasa áitiúla.
Páirc bhogaigh áitiúil a fhorbairt gar do Chathair na nGairdíní, agus nasc conaire glaise ann ó Bhóthar Bhealach Thaidhgín go Bóthar an Inbhir Mhóir.	Meántéarma	Foinsí féinmhaoinithe an údaráis áitiúil, i gcomhairle le húinéirí talún agus grúpaí sainleasa áitiúla.
Páirc Chomharsanachta a fhorbairt ar thailte cónaitheacha neamhfhorbartha i mBealach Thaidhgín.	Meántéarma go Fadtéarma	Forbróirí i gceannas air nó maoiniúchán údaráis áitiúil a chur ar fáil ina leith trí ranníocaí airgeadais/tríd an scéim ranníocaí forbartha.
Spás nua pobail áitiúil a chur ar fáil i gceantar Naomh Waleran	Meántéarma	Forbróirí i gceannas air i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail áitiúla.

<b>Creatphlean Chomharsanacht Chluain Aitinn-Na Príomhfhorbairtí</b>	<b>Céim</b>	<b>Foinsí Maoiniúcháin</b>
Ascaillí nua ceangail a chur ar fáil, is é sin, 'Ascaill Chluain Aitinn Íochtarach' agus 'Ascaill Chluain Aitinn Uachtarach'	Meántéarma go Fadtéarma	Forbróirí i gceannas air.
Cosáin nua a sholáthar, mar aon le soilsíúchán agus naisc rothaíochta le tailte cónaitheacha neamhfhobartha.	Meántéarma go Fadtéarma	Forbróirí i gceannas air.  Foinsí maoiniúcháin féideartha dílse de chuid an údaráis áitiúil, agus páirtmhaoiniúchán ón Scéim Ranníocaí Forbartha agus ón gClár Oibreacha Caipitiúla. Maoiniúchán ó Thaisteal Níos Cliste.
Mol-Pháirc nua, is é sin, 'Páirc Chluain Aitinn'	Meántéarma	Foinsí maoiniúcháin dílse de chuid an údaráis áitiúil, agus páirtmhaoiniúchán ón Scéim Ranníocaí Forbartha i gcomhairle le húinéirí talún agus le forbróirí.
Páirc Chomharsanachta i gCluain Aitinn Íochtarach	Meántéarma go Fadtéarma	Forbróirí i gceannas air nó maoiniúchán údaráis áitiúil a chur ar fáil ón Scéim Ranníocaí Forbartha.
Glasbhealaí nua a fhorbairt ag Bóthar Chluain Aitinn agus i mBaile na Cúirte, mar aon le saoráidí feabhsaithe do choisithe agus don lucht rothaíochta	Meántéarma	Forbróirí i gceannas air.  Foinsí maoiniúcháin féideartha dílse de chuid an údaráis áitiúil, agus páirtmhaoiniúchán ón Scéim Ranníocaí Forbartha agus ón gClár Oibreacha Caipitiúla. Maoiniúchán ó Thaisteal Níos Cliste.
Conair shruth Chluain Aitinn a fhorbairt mar chonair bhonneagair ghlais tríd an Mol-Pháirc nua.	Meántéarma	Foinsí maoiniúcháin dílse de chuid an údaráis áitiúil, agus páirtmhaoiniúchán ón Scéim Ranníocaí Forbartha.
Spásanna nua pobail áitiúil i gCluain Aitinn Íochtarach agus i sráidbhaile Chluain Aitinn.	Meántéarma	Forbróirí i gceannas air i gcomhairle le grúpaí áitiúla sainleasa.

<b>Creathplean Chomharsanacht Ghuaire Theas agus an Limistéir Máguaird-Na Príomhfhorbairtí</b>	<b>Céim</b>	<b>Foinsí Maoiniúcháin</b>
Ascaillí nua ceangail a chur ar fáil, is é sin, 'Ascaill Bhaile Ram' agus 'Ascaill Fhearann an Mhuilinn'	Meántéarma go Fadtéarma	Forbróirí i gceannas air.
Cosáin nua a sholáthar, mar aon le soilsiúchán agus naisc rothaíochta le tailte cónaitheacha neamhfhorbartha.	Meántéarma go Fadtéarma	Forbróirí i gceannas air.  Foinsí maoiniúcháin féideartha dílse de chuid an údaráis áitiúil, agus páirtmhaoiniúchán ón Scéim Ranníocaí Forbartha agus ón gClár Oibreacha Caipitiúla. Maoiniúchán ó Thaisteal Níos Cliste.
Droichead nua iarnróid a chur ar fáil ag Baile Ram/Cnoc an Mhuilinn	Fadtéarma	Forbróirí i gceannas air i gcomhairle le hIarnród Éireann.
Glasbhealaí nua a fhorbairt ar bhóithre tuaithe Bhaile Ram agus Fhearann an Mhuilinn, lena n-áirítear bealaí nua do choisithe agus don lucht rothaíochta.	Meántéarma	Forbróirí i gceannas air.  Foinsí maoiniúcháin féideartha dílse de chuid an údaráis áitiúil, agus páirtmhaoiniúchán ón Scéim Ranníocaí Forbartha agus ón gClár Oibreacha Caipitiúla. Maoiniúchán ó Thaisteal Níos Cliste.
Abhainn na Beannóige a fhorbairt mar chonair bhonneagair ghlais	Meántéarma	Forbróirí i gceannas air i gcomhairle le Comhairle Contae Loch Garman agus le grúpaí sainleasa áitiúla.
Páirc bhogaigh áitiúil a fhorbairt i mBaile Ram	Meántéarma	Foinsí maoiniúcháin dílse an údaráis áitiúil, i gcomhairle le hÚinéirí talún agus grúpaí sainleasa áitiúla.
Páirceanna comharsanachta a chur ar fáil i bhFearann an Mhuilinn agus i mBaile Ram.	Meántéarma go Fadtéarma	Forbróirí i gceannas air nó maoiniúchán údaráis áitiúil a chur ar fáil ón scéim ranníocaí forbartha.
Spásanna nua pobail áitiúil i mBaile Ram, i gCnoc an Mhuilinn agus i bhFearann an Mhuilinn.	Meántéarma go Fadtéarma	Forbróirí i gceannas air i gcomhairle le grúpaí áitiúla sainleasa.

<b>Na Príomhthionscadail Bhonneagair ina n-iomláine</b>	<b>Céim</b>	<b>Foinsí Maoiniúcháin</b>
Uasghrádú Ghléasra Cóireála Dramhuisce Bhaile na Cúirte a chríochnú	Gearrthearma	Clár Caipitiúil de chuid Uisce Éireann
Uasghrádú an Ghléasra Cóireála Uisce	Meántearma	Clár Caipitiúil de chuid Uisce Éireann
Bunscoil bhreise a sholáthar	Fadtearma	Clár Caipitiúil na Roinne Oideachais agus Scileanna.
Ionad Ealaíon a sholáthar	Meántearma	Foinsí maoiniúcháin dílse de chuid an údaráis áitiúil, agus páirtmhaoiniúchán ón Scéim Ranníocaí Forbartha agus ó mhaoiniúchán do na hEalaíona.
Ionad Pobail ilúsáideora a fhorbairt	Meántearma-Fadtearma	I gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail áitiúil agus le grúpaí spóirt áitiúla.